# Ceisteanna Coitianta faoi Shonraíocht na *Folláine*

| LEITHDHÁILEADH AMA | SNÁITHEANNA | GNÉITHE |
|---|---|---|
| **Céim 1**<br>2 uair 30 nóiméad in aghaidh na seachtaine | Inniúlacht gluaiseachta | Cumarsáid |
| **Céim 2**<br>3 uair an chloig in aghaidh na seachtaine | Oideachas mothúchánach agus caidreamhach | Fiosrú agus cur i bhfeidhm |
| **Céim 3**<br>3 uair an chloig in aghaidh na seachtaine | Oideachas sláinte | Gluaiseacht |
| **Céim 4**<br>3 uair an chloig in aghaidh na seachtaine | Pobal agus muintearas | Machnamh agus tuiscint |

## Cad is sonraíocht na *Folláine* ann?

Is cuid de churaclam athfhorbartha na bunscoile í sonraíocht na *Folláine*, a ceapadh chun tacú le forbairt fhoriomlán na bpáistí. Comhcheanglaíonn sé an **Corpoideachas** (CO) agus **an tOideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte** (OSPS) chun páistí a chumasú leis an eolas, na scileanna, na coincheapa, na meonta, na dearcthaí agus na luachanna is gá chun saolta gníomhacha, sláintiúla agus sásúla a chaitheamh.

## Cad is brí leis an téarma 'folláine'?

Is é an sainmhíniú a thugtar ar fholláine i sonraíocht na *Folláine* ná rud arb ann dó *nuair a éiríonn le duine lánacmhainn a bhaint amach, nuair a léiríonn siad teacht aniar agus iad ag déileáil le gnáthstruis an tsaoil, nuair a thugann siad aire dá fholláine choirp agus má mhothaíonn siad go bhfuil cuspóir, ceangal agus mothú cómhuintearais acu le pobal níos leithne. Staid iomlaoideach í seo ar gá í a chothú le linn shaol an duine.*

Ciallaíonn sé sin go bhforbraíonn folláine na bpáistí ní hamháin trína bhfoghlaimíonn siad sa bhunscoil agus sa scoil speisialta ach trí réimse tionchar laistigh den phobal agus sochaí níos leithne. Ní bhíonn an fholláine seasta – is féidir leis athrú ag brath ar a bhfuil ag tarlú i saol an pháiste. Is féidir le páistí bheith thuas seal thíos seal ó thaobh na folláine de agus iad ag fás, ag foghlaim agus ag tabhairt aghaidh ar chásanna éagsúla.

Laistigh de phobail scoile, teastaíonn meascán d'fhoghlaim fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil chun tacú le folláine na bpáistí. Tá ról lárnach ag sonraíocht na *Folláine* sa mhéid seo trí fhoghlaim struchtúrtha 'faoi' agus 'lena haghaidh' a chur ar fáil maidir leis an bhfolláine. Áirítear dhá phríomhábhar leis: Corpoideachas agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS). Díríonn na hábhair seo ar ghnéithe riachtanacha d'fhorbairt fhisiciúil, shóisialta, mhothúchánach, agus chaidreamhach na bpáistí.

Taobh amuigh de réimse curaclaim na *Folláine*, tríd an bpríomhinniúlacht 'A Bheith Slán' a ionchuimsiú, leagtar béim ar ról na réimsí curaclaim ar fad agus ar ról an phobail scoile níos leithne maidir le folláine na bpáistí a chothú.

## Cad a fhoghlaimeoidh páistí i sonraíocht na *Folláine*?

Tríd an gCorpoideachas agus trí OSPS, foghlaimíonn páistí 'faoi' fholláine agus 'lena haghaidh'. Baineann foghlaim 'faoi' fholláine le heolas, tuiscint, feasacht agus scileanna a fhorbairt, rudaí a chabhraíonn le páistí a bhfolláine féin a chothú. Baineann foghlaim 'le haghaidh' na folláine le folláine na bpáistí a chothú trí thimpeallacht foghlama dhearfach, ionchuimsitheach agus thacúil. Eagraítear sonraíocht na *Folláine* de réir ceithre shnáithe atá ceangailte le chéile chun tacú leis an bhfolláine iomlánaíoch. Tá roinnt Snáithaonad i gceist le gach Snáithe, a bhriseann an fhoghlaim síos ina réimsí níos sonraí foghlama.

Mar chuid den aonad 'Inniúlacht Gluaiseachta', forbraíonn páistí scileanna, coincheapa agus straitéisí gluaiseachta, agus déanann siad machnamh chomh maith ar an n-aistear pearsanta, trí raon leathan réimsí gníomhaíochta Corpoideachais.  Díríonn 'oideachas mothúchánach agus caidreamhach' ar an bhféiniúlacht, feasacht agus léiriú mothúchánach, caidrimh, teacht aniar agus foghlaim chun roghanna eolacha agus freagracha a dhéanamh. San 'oideachas sláinte' foghlaimíonn páistí faoi mhaireachtáil fholláin, substaintí, forbairt an duine, sábháilteacht, agus folláine meán agus dhigiteach. Díríonn 'Pobal agus Muintearas' ar cheangail agus ar thuiscint a fhorbairt ar mhuintearas, ar theaghlaigh, ar chearta agus cothroime, agus ar shaoránacht. Trí na Snáitheanna agus Snáithaonaid seo, forbróidh páistí an t-eolas, na scileanna, na coincheapa, na meonta, na dearcthaí agus na luachanna chun tacú leo saol gníomhach, sláintiúil agus sásúil a chaitheamh anois agus amach anseo.

**Cad iad roinnt de na príomhathruithe sa réimse seo ó 1999 i leith?**
Leagtar sonraíocht na *Folláine* amach bunaithe ar cheithre phríomhshnáithe:

- Inniúlacht Gluaiseachta
- Oideachas Mothúchánach agus Caidreamhach
- Oideachas Sláinte
- Pobal agus Muintearas

I gCéimeanna 1 agus 2, cuireann sonraíocht na *Folláine* cur chuige comhtháite chun cinn i leith an Chorpoideachais agus an Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Shláinte (OSPS). Ciallaíonn sé sin go nascann cuid den fhoghlaim an Corpoideachas agus OSPS araon, ach go ndíríonn foghlaim eile ar an gCorpoideachas nó ar an OSPS go sonrach. Nuair a bhaineann an fhoghlaim leis an gCorpoideachas agus leis an OSPS araon, marcáiltear an Toradh Foghlama go soiléir leis an tsiombail seo:



Ag Céimeanna 3 agus 4, baineann an fhoghlaim leis an ábhar ar bhealach níos sainiúla agus bíonn Torthaí Foghlama faoi leith ann don Chorpoideachas agus OSPS.

Tá réimsí nua agus tábhachtacha foghlama i sonraíocht na *Folláine*, amhail:

- Toiliú (Céimeanna 1–4): Tacaítear le páistí féinriar colainne a thuiscint, teorainneacha a aithint agus cleachtadh a dhéanamh ar lorg, tabhairt nó diúltú ceada go héifeachtach in idirghníomhuithe laethúla chun tacú le caidrimh mheasúla a fhorbairt agus le sábháilteacht na bpáistí.
- Gnéaschlaonadh (Céimeanna 1-4): Tacaítear le páistí tús a chur le tuiscint a fháil ar choincheap an ghnéaschlaonta agus cothaítear comhbhá, tuiscint agus meas ar an éagsúlacht trí bhéim a leagan ar a bheith in ann a aithint gur féidir dúil a bhrath i mbealaí

éagsúla agus chun meas a léiriú air sin.  Éagsúlacht i struchtúir an teaghlaigh a aithint (Céimeanna 1-4): Spreagtar páistí chun a thuiscint gur féidir le comhdhéanamh teaghlaigh a bheith éagsúil agus cothaíonn sé léirthuiscint d'uathúlacht agus luach gach aonaid teaghlaigh.

- Foghlaim faoin bhfolláine meán agus dhigiteach (Céimeanna 1-4): Cumasaítear páistí chun na meáin agus an domhan digiteach a nascleanúint go sábháilte agus go freagrach, ag cabhrú leo caidreamh cothromaithe agus eolach a fhorbairt leis na meáin agus leis an teicneolaíocht.
- Béim athnuaite ar fhoghlaim mhothúchánach agus chaidreamhach sa Chorpoideachas agus OSPS (Céimeanna 1-4): Tacaítear le páistí mothúcháin a thuiscint, a rialú agus a chur in iúl, comhbhá a fhorbairt, agus caidrimh thacúla agus shláintiúla le daoine eile a fhorbairt agus a choimeád – lena n-áirítear baill teaghlaigh, cairde, piaraí agus comhimreoirí.
- Gluaiseacht agus mé féin (Céimeanna 1–4): Spreagtar páistí chun machnamh a dhéanamh ar a n-eispéiris ghluaiseachta – ar bhonn indibhidiúil agus le daoine eile – tionchar iarrachta agus dul chun cinn a aithint, agus freagracht níos mó a ghlacadh as conas, cathain agus cé leis a roghnaíonn siad a bheith gníomhach.
- Maireachtáil Ghníomhach (Céimeanna 1–4): Spreagtar páistí chun réimse leathan gníomhaíochtaí fisiciúla a iniúchadh – cuid acu sin a bhféadfadh spéiseanna na bpáistí nó na múinteoirí agus/nó deiseanna sa phobal áitiúil amhail páirceanna, áiteanna súgartha, agus imeachtaí a bheith taobh thiar díobh.

### Cad a mhúinfear i dtaca le gnéaschlaonadh?

Ag leibhéal na bunscoile, tarlaíonn foghlaim faoi ghnéaschlaonadh laistigh de Shnáithe *Oideachais Mhothúchánaigh agus Chaidreamhaigh* de shonraíocht nua na *Folláine*. Tugtar an fhoghlaim seo isteach i g**Céim 4** (i rang 5 agus 6 de ghnáth, ag aoiseanna 11–13), mar chuid den Snáithaonad *Caidrimh*.

Tacaíonn an Toradh Foghlama ag an gcéim seo le páistí:

- *Tosú ar ghnéaschlaonadh a thuiscint mar chur síos a dhéanamh ar dhúil i nduine éigin d'inscne dhifriúil leo, den inscne chéanna leo nó i níos mó ná inscne amháin.*

Laistigh den toradh seo, fiosróidh na páistí a bhfuil i gceist le gean a bheith agat ar dhuine éigin, an chaoi a bhforbraíonn daoine caidrimh ghrámhara agus mheasúla, agus an chaoi ar féidir dúil a bhrath i mbealaí éagsúla. Ceapadh an fhoghlaim seo le bheith oiriúnach ó thaobh aoise de, ionchuimsitheach, agus measúil, agus díríonn sé ar thuiscint mhothúchánach agus chaidreamhach – ní ar iompraíocht ghnéis.

Is é an aidhm atá leis ná cabhrú le gach páiste:

- Tuiscint a bheith acu go bhféadfadh le daoine dúil a bheith acu i nduine éigin d'inscne éagsúil leo (heitrighnéasach), den inscne chéanna leo (aerach nó leispiach), agus i níos mó ná inscne amháin (déghnéasach).
- Léirthuiscint a bheith acu don ilchineálacht caidreamh agus teaghlach inár bpobail.
- Comhbhá, cineáltas, agus meas a fhorbairt do dhaoine a bhféadfadh a bheith difriúil leo.
- Iompraíocht mhíchineálta nó éagothrom a bhaineann le féiniúlacht nó struchtúr teaghlaigh a aithint agus a cheistiú.

Déanann an fhoghlaim seo forbairt ar thopaicí níos luaithe amhail *muintearas*, *caidrimh*, *cothroime* agus *ilchineálacht*. Tacaíonn sé le **timpeallacht scoile shábháilte, fháilteach agus ionchuimsitheach** a fhorbairt do na páistí ar fad. Chun níos mó a léamh maidir le foghlaim agus teagasc an ghnéaschlaonta, féach an t-ábhar tacaíochta:

**An dtabharfaidh na páistí ar fad faoin bhfoghlaim atá laistigh de shonraíocht na *Folláine*?**

Tá curaclam náisiúnta ann, lena n-áirítear OSPS agus Corpoideachas, a mhúintear i ngach bunscoil, iar-bhunscoil agus scoil speisialta beag beann ar éiteas scoile ar leith. Cé go ndéantar cur síos i sonraíocht na *Folláine* ar an bhfoghlaim agus forbairt a bhfuiltear ag súil leo do pháistí, tá cumas gníomhúcháin agus solúbthacht ag scoileanna agus múinteoirí chun cinntí a dhéanamh maidir lena gcur chuige i leith na foghlama, teagaisc agus measúnaithe, ag cur mianach ar leith na bpáistí agus a gcomhthéacs scoile san áireamh. Agus iad ag déanamh a leithéid de chinntí, tuigeann siad an gá le hábhair a mhúineadh ar bhealach ina gcuirtear aois agus staid forbartha a ndaltaí san áireamh agus ina bhfreastalaítear ar a riachtanais.

**Conas ba cheart do scoileanna am don Chorpoideachas agus OSPS a sceidealú agus a leithdháileadh laistigh de sholáthar seachtainiúil na *Folláine*?**

Tacaíonn sonraíocht na *Folláine* le heispéiris foghlama thiomnaithe agus chomhtháite araon sa Chorpoideachas agus OSPS. I gCéim 1, leithdháiltear 2 uair agus 30 nóiméad ar a laghad in aghaidh na seachtaine don *Fholláine*, agus méadaítear go 3 uair an chloig in aghaidh na seachtaine sin i gCéimeanna 2 go 4. Laistigh den am sin, moltar go gcuirfeadh scoileanna cóimheas 2:1 i bhfeidhm agus go leithdháilfí níos mó ama don Chorpoideachas ná don OSPS. Tacaíonn sé sin le cur chuige cothromaithe ar fud shnáithe uile na sonraíochta.

Chun cloí leis an leithdháileadh ama sin, moltar do scoileanna glacadh le cuir chuige sholúbtha agus chruthaitheacha i leith leagan amach an chláir ama. Ba cheart go mbeadh *Folláine* i gceist gach seachtain, mar sin, beidh ar scoileanna cuimhneamh ar an mbealach is fearr le háiseanna agus acmhainní a leithdháileadh. I ndeireadh na dála, moltar do scoileanna am an churaclaim a úsáid go solúbtha, faoi mar a dtugtar breac-chuntas air i g*Creatchuraclam na Bunscoile*. Cumasaíonn sé sin múinteoirí chun freagairt do riachtanais na bpáistí, deiseanna foghlama nach rabhthas ag súil leo a thapú, agus eispéiris fhiúntacha spreagúla a chur ar fáil mar chuid de réimse curaclaim na *Folláine*.

**An bhfuil scoileanna in ann an leithdháileadh ama méadaithe don Fholláine a úsáid chun am breise a chur le sosanna/fóillíocht?**

Ba cheart an leithdháileadh ama méadaithe don Fholláine a úsáid chun torthaí foghlama shonraíocht na Folláine a bhaint amach. Tá Corpoideachas ar an gcuraclam anois comhtháite i sonraíocht na Folláine. Tá róil chomhlántacha ag spórt agus gníomhaíocht choirp lasmuigh den churaclam, amhail i spóirt scoile, sosanna gluaiseachta agus amanna sosa. Dá bhrí sin, ní chomhlíontar na ceanglais maidir leis an am foghlama agus teagaisc tiomnaithe don churaclam Folláine a dtugtar breac-chuntas air i gCreatchuraclam na Bunscoile leis na gníomhaíochtaí comhlántacha seo. Sa tslí seo, ní cheadaítear cur le sosanna/fóillíocht tríd an méadú ar an leithdháileadh ama d'oideachas Folláine ach an oiread.

## An úsáidfidh scoileanna áisitheoirí seachtracha don fhoghlaim i sonraíocht na *Folláine*?

Cé go bhféadfadh scoil áisitheoirí seachtracha a úsáid, cuirtear in iúl go sonrach i sonraíocht na *Folláine* gurb é an múinteoir ranga atá san áit is fearr chun sonraíocht na *Folláine* a chur i bhfeidhm go héifeachtach, mar thoradh ar a gcaidreamh seanbhunaithe leis na páistí agus ar an eolas oideolaíochta agus curaclaim atá acu (Ciorclán 0042/2018).

Sa chás ina sainaithnítear riachtanas ar leith, is féidir le háisitheoirí seachtracha ról comhlántach a imirt i gcomhpháirtíocht chomhoibritheach le múinteoirí do ghnéithe den churaclam. Maidir le haon chinneadh chun páirt a thabhairt do sholáthraithe seachtracha, ba cheart dul chun cinn foghlama páistí a mheas agus cé acu a chuirfidh nó nach gcuirfidh áisitheoir seachtrach leis sin. Thairis sin, ba cheart cuimhneamh ar ailíniú a dhéanamh idir an t-áisitheoir seachtrach agus sonraíocht na *Folláine*. Má dhéantar cinneadh chun oibriú le háisitheoir seachtrach, tá cur chuige pleanála comhoibríche bunriachtanach. Áirítear leis sin nósanna imeachta um chosaint páistí a leanúint, cuimhneamh ar na Torthaí Foghlama ó shonraíocht na *Folláine*, comhthéacs na scoile, naisc chuig réamhfhoghlaim na bpáistí agus a chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais na bpáistí uile. Ba cheart cothromaíocht a bheith ann idir minicíocht agus fad ionchur seachtrach chun a chinntiú go leanfaidh múinteoirí de bheith lárnach maidir le sonraíocht na *Folláine* a theagasc. Ní mór d'áisitheoirí seachtracha oibriú faoi threoir agus maoirseacht mhúinteoir an tseomra ranga a fhanann leis na páistí gach tráth.

## Cad iad Réimsí Gníomhaíochta an Chorpoideachais?

Áirítear seacht réimse gníomhaíochta den Chorpoideachas ar a dtugtar breac-chuntas i bhFíor 2 i sonraíocht na *Folláine*. Is iad réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais an meán trínar féidir le páistí na Torthaí Foghlama atá ábhartha maidir leis an gCorpoideachas a bhaint amach ar fud Chéimeanna 1-4.

Cuimsítear leo réimse gníomhaíochtaí, comhthéacsanna sóisialta (caitheamh aimsire agus iomaíocha) agus timpeallachtaí fisiciúla (taobh istigh, taobh amuigh, de chineál nádúrtha agus tógtha) a chuireann an ghníomhaíocht choirp chun cinn le linn na hóige agus ina dhiaidh sin. Ag gach céim den churaclam, ba cheart réimse leathan agus cothromaithe eispéireas a thairiscint leis an gCorpoideachas chun cabhrú le páistí na Torthaí Foghlama a bhaint amach.




## An bhfuil 'Oiliúint Uisce' riachtanach?

Tá Oiliúint Uisce ar cheann de na seacht réimse gníomhaíochta Corpoideachais a chuimsítear i sonraíocht na *Folláine*. Ba cheart gach iarracht a dhéanamh chun bloc amháin d'eispéireas uisceach bunaithe ar uisce a thairiscint le linn a gcuid ama sa bhunscoil. Bainfidh an cur chuige atá ag scoil i leith na hoiliúna uisce lena comhthéacs agus cuirfear gnéithe ar nós rochtain ar thimpeallachtaí oiriúnacha, iompar, agus teagascóirí cáilithe san áireamh.

## Cén trealamh a theastóidh ó scoileanna don fhoghlaim agus don teagasc sa Chorpoideachas?

Tá na riachtanais ó thaobh trealamh Corpoideachais de i sonraíocht na *Folláine* an-chosúil, den chuid is mó, leo sin i gcuraclam Corpoideachais 1999, rud a chiallaíonn go bhfuil an trealamh cuí ag formhór na scoileanna cheana féin. Mar sin féin, b'fhéidir go mbeadh ar scoileanna infheistiú a dhéanamh i dtrealamh nua do chuid den réimse gníomhaíochta nua de chuid an Chorpoideachais, Maireachtáil Ghníomhach. In go leor cásanna, is féidir an trealamh atá ann cheana féin a chur in oiriúint chun tacú leis na gníomhaíochtaí nua sin.

Maidir le réimse gníomhaíochta Gleacaíochta an Chorpoideachais, is leor fós leas a bhaint as an trealamh a d'úsáid scoileanna roimhe seo chun tacú le curaclam 1999. Mar chuid den dea-chleachtas, theastódh rochtain ar mhataí agus binsí chun tacú le heispéiris ghluaiseachta shábháilte agus éagsúla. Mar sin féin, is féidir an ghleacaíocht a theagasc go héifeachtach freisin

ag baint úsáid as trealamh bunúsach amhail cóin, dioscaí neamhsciorracha, rópaí scipeála, agus ribíní.

## An mbeidh an Clár *Bí Sábháilte* fós á mhúineadh in OSPS?

Beidh, is gá do gach bunscoil agus scoil speisialta an clár *Bí Sábháilte* a chur chun feidhme go hiomlán. Ceapadh na Torthaí Foghlama i sonraíocht na *Folláine* le teacht leis an gclár *Bí Sábháilte* agus is gá do gach scoil an clár a theagasc ina iomláine fós.

## An bhfuil cead ag tuismitheoirí a bpáiste a aistarraingt ó ghnéithe de OSPS amhail Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG)?

Tá. Faoin *Acht Oideachais* [1998, Alt 30, fo-alt 2(e)], tá an ceart ag tuismitheoirí a bpáiste a aistarraingt as gné ar bith de churaclam na scoile a bheadh contrártha lena gcoinsias nó creidimh féin. Aithnítear gurb iad na tuismitheoirí príomhoideachasóirí a gcuid páistí agus is comhpháirtithe tábhachtacha iad sa phróiseas oideachais.
Moltar do scoileanna plé go hoscailte le tuismitheoirí a léiríonn imní maidir le gnéithe den churaclam. Moltar do thuismitheoirí ar mian leo a bpáiste a aistarraingt ó ghnéithe faoi leith den *Fholláine* bualadh le múinteoir agus/nó príomhoide scoile a bpáiste chun a gcuid cúiseanna imní a phlé.

## Conas a ailíníonn sonraíocht na *Folláine* le *gnásanna Bí Cineálta chun Bulaíocht a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna?*

Ba phríomhthosaíocht le linn na forbartha é ailíniú a chinntiú idir réimse curaclaim na *Folláine* agus nósanna imeachta *Bí Cineálta*. Tacaíonn sonraíocht na *Folláine* le scoileanna dálaí a chruthú chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus chun dul i ngleic léi, de réir *Bí Cineálta*. Cuireann sé creat leathan agus cumasaithe ar fáil ar féidir le scoileanna dul i ngleic le bulaíocht laistigh de i mbealaí atá oiriúnach ó thaobh na forbartha de agus a oireann dá gcomhthéacsanna uathúla. Baineann Toradh Foghlama maidir le bulaíocht a aithint agus freagairt di le gach céim den churaclam. Cumhdaítear sa tsonraíocht freisin Torthaí Foghlama a dhíríonn ar chomhbhá, meas, cearta agus freagrachtaí, ionchuimsitheacht, agus comhionannas – a bhfuil gach ceann díobh sin riachtanach chun tacú le cur chuige uile-scoile i leith na folláine agus atá mar bhonn faoi chur chun feidhme *Bí Cineálta*.

## An bhfuil 'féiniúlacht inscne' mar chuid den mhéid a fhoghlaimíonn páistí i sonraíocht na *Folláine*?

Níl aon Torthaí Foghlama sonracha a bhaineann leis an bhféiniúlacht inscne i sonraíocht na *Folláine*. Pléitear leo ag leibhéal na hiar-bhunscoile i Sonraíocht OSPS na Sraithe Sóisearaí.

Ag leibhéal na bunscoile, leagtar an bhéim ar thuiscint dhearfach a fhorbairt ar fhéinaitheantas, ilchineálacht gach duine aonair a aithint agus meas a léiriú air, agus dul i ngleic le ceisteanna amhail idirdhealú agus bulaíocht.

Tugtar treoir in *Bí Cineálta: Nósanna Imeachta do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna* (2024) maidir le hiompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Áirítear leo sin liosta nach bhfuil uileghabhálacha de chineálacha bulaíochta, bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht inscne ina measc. Tá Torthaí Foghlama i sonraíocht na *Folláine* a thacaíonn le páistí bulaíocht a thuiscint agus dul i

ngleic léi. Tagann sonraíocht na *Folláine* agus nósanna imeachta *Bí Cineálta* le chéile maidir lena n-aidhm comhroinnte i dtaca le folláine, ionchuimsitheacht, agus meas do chách a chur chun cinn.

## Cad is Tacar Uirlisí ar Líne na *Folláine* ann?

Cuireann Tacar Uirlisí na *Folláine* tacaíocht phraiticiúil ar fáil do mhúinteoirí chun eispéiris foghlama shaibhre *Folláine* a chruthú do pháistí. Áirítear leis réimse ábhair thacaíochta agus samplaí d'fhoghlaim na bpáistí ann. Ceapadh é le bheith inrochtana, furasta le húsáid, agus inoiriúnaithe do shuíomhanna éagsúla scoile, agus déanfar an tacar uirlisí a fhorbairt agus a nuashonrú ar bhonn leanúnach chun cabhrú le múinteoirí i scoileanna príomhshrutha agus speisialta.

## Conas a théitear i ngleic le toiliú i sonraíocht na *Folláine*?

Tógann sonraíocht na *Folláine* ar luathfhoghlaim na bpáistí in *Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige* agus tacaíonn sé le páistí maidir le leanúint leis an bhfoghlaim faoi thoiliú ar fud gach ceann de na ceithre chéim san oideachas bunscoile.

Is éard a thuigtear le toiliú ná cead nó comhaontú a thabhairt go dtarlódh rud éigin nó go ndéanfaí rud éigin. Tá cumarsáid, meas ar a chéile, agus feasacht ar theorainneacha pearsanta agus daoine eile mar chuid de. Ag leibhéal na bunscoile, áirítear leis sin cabhrú le páistí a gceart maidir le féinriar colainne a aithint, lorg agus tabhairt ceada i gcásanna laethúla a chleachtadh, agus a thuiscint go bhfuil an ceart ag gach duine toiliú nó gan toiliú.

Ina theannta sin, trí chlár *Bí Sábháilte* (gné éigeantach den churaclam), tacaítear le páistí a aithint nach féidir leo, faoi dhlí na hÉireann, toiliú go dlíthiúil do ghníomhaíocht ghnéasach. Tá an cosaint dhlíthiúil sin i bhfeidhm chun iad a choimeád slán ó dhochar.

Cé go bpléitear ar bhealach níos mionsonraithe le toiliú gnéis ag leibhéal na hiar-bhunscoile trí churaclam OSPS na Sraithe Sóisearaí, déantar bunchlocha maidir le toiliú a thuiscint – lena n-áirítear meas, cumarsáid, agus teorainneacha pearsanta – a leagan síos le linn bhlianta na bunscoile.

## Cá háit ar féidir liom faisnéis bhreise a fháil?

Is féidir le múinteoirí agus tuismitheoirí rochtain a fháil ar shonraíocht na *Folláine* agus ar Thacar Uirlisí na *Folláine* ag https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/primary/. Cuirfidh scoileanna nuashonruithe ar fáil freisin maidir le conas a chuireann siad sonraíocht na *Folláine* i bhfeidhm.